Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Márta 2024
(OR. en)

6769/24
ADD 1
LIMITE
PV CONS 5
RELEX 218

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

19 Feabhra 2024

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**3. Cúrsaí reatha**

Phléigh <u>an Chomhairle</u> an Bhealarúis agus an staid maidir leis an bhfreasúra polaitiúil sa Rúis.

**4. Fogha na Rúise faoin Úcráin**
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag <u>an gComhairle</u> maidir le freagairt an Aontais ar fhogha na Rúise faoin Úcráin.

**5. An staid sa Mheánoirthear**
*Seisiún tuairimíochta*

Phléigh <u>an Chomhairle</u> an staid atá ag athrú sa réigiún, lena n-áirítear na riachtanais dhaonnúla.

**6. An tSaiheil**
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag <u>an gComhairle</u> maidir le cur chuige an Aontais i ndáil leis an staid sa tSaiheil.

**7. Aon ghnó eile**

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Laitvia ar fáil, a rinne ionadaíocht freisin ar an Eastóin, an Liotuáin agus ar an bPolainn, maidir leis an ngá atá le dlúthpháirtíocht an Aontais tar éis chinneadh Aireacht Gnóthaí Baile na Rúise imscrúduithe a sheoladh in aghaidh roinnt daoine aonair ó na Ballstáit sin (6685/24).

PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 6641/24**

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 10 ar liosta na míreanna 'A':** | **Beartas díchill chuí an Aontais Eorpaigh i ndáil le cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta maidir le tacaíocht ón earnáil slándála do thríú páirtithe**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Dearbhú náisiúnta maidir le beartas forairdill an Aontais Eorpaigh i ndáil le cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus tacaíocht á tabhairt do thríú páirtithe in earnáil na slándála
Coreper II an 14 2 2024.

(2.2 Inscne-fhreagrúlacht)
I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn.

Ina theannta sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar bhunluach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 2 CAE agus in Airteagal 8 CFAE.

I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne' ná tagairt don ghnéas agus ar an gcoincheap 'comhionannas inscne' ná tagairt don 'chomhionannas idir mná agus fir'.

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 19 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rochtain phoiblí ar dhoiciméid**<br>**Iarratas dearbhúcháin Uimh. 01/c/01/24**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

'Tá an Aireacht Sláinte glan i gcoinne sheasamh na Comhairle mar a leagtar amach i ndoiciméad freagra 5189/24 é maidir leis an iarraidh ar nochtadh 01/c/01/24 doiciméad a bhaineann leis an deichiú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le Rialú Tobac agus le seasamh an Aontais maidir leis na saincheisteanna éagsúla a bheidh le plé ag an gComhdháil.

Ar bhonn Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, féadfar diúltú rochtain a thabhairt ar dhoiciméad ina bhfuil ráiteas tuairimí chun críocha inmheánacha a bhaineann le pléití agus réamhphléití laistigh den institiúid lena mbaineann, fiú i gcás ina ndearnadh cinneadh cheana, i gcás ina mbainfí an bonn go mór de chinnteoireacht na hinstitiúide dá gceadófaí an doiciméad, mura rud é gur chun leas sáraitheach an phobail é an comhairliúchán sin.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 26 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Ghuine Bissau le haghaidh prótacal nua cur chun feidhme a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Measann an Coimisiún nach ceart é ó thaobh an dlí de go ndéanfadh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht bunús dlí substainteach a léiriú.

Tá an Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht bunaithe ar chumhachtaí tarmligthe an Aontais a bheith ann, agus ar an mbonn sin amháin, ní ar chinneadh maidir le hinniúlacht shonrach. Is é is éifeacht theoranta dó an Coimisiún nó an tArdionadaí, de réir mar a bheidh, a údarú chun a shainphribhléidí faoi Chonarthaí an Aontais a úsáid chun tús a chur le caibidlíocht. Cinntear raon feidhme na caibidlíochta sin dá bhrí sin de réir raon feidhme chumhachtaí an Aontais. Ina theannta sin, ní féidir leis an gCinneadh ón gComhairle, lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht, saoirse chomhpháirtí ionchasach conartha an Aontais a theorannú maidir le raon feidhme na caibidlíochta a chinneadh. Dá bhrí sin, ní féidir bunús dlí beacht an chomhaontaithe a bheidh ann amach anseo a chinneadh sula mbeidh ábhar an chomhaontaithe ar eolas.

Coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.'

PUBLIC